

Múineadh faoi thoiliú

Réamhrá

Is í is aidhm leis an ábhar tacaíochta seo ná tacú leat múineadh faoi thoiliú trí úsáid a bhaint as an gCuraclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Shláinte (1999).

Forléargas ó thaighde



Cuireann an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte deiseanna ar fáil forbairt pearsanta, sláinte agus folláine an pháiste aonair a chothú, chun cabhrú le gach páiste caidrimh thacúla a chruthú agus a choinneáil, agus chun a bheith ina shaoránach gníomhach agus freagrach sa tsochaí (Curaclam OSPS, 1999a). Tá oideachas maidir le thoiliú tábhachtach i dtógáil caidrimh shláintiúla agus ómósach, i bpáistí a d'fhéadfadh a bheith soghonta a chosaint ón dochar agus i gcur chun cinn caidrimh ghnéis dhearfacha.

Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Thoiliú agus an Curaclam OSPS
- Cad is thoiliú ann?
- Múineadh faoi thoiliú
- Thoiliú gnéis agus aois toilithe in Éirinn
- Thoiliú agus an Curaclam OSPS i rang a cúig agus rang a sé
- Léitheoireacht bhreise.

Toiliú agus an Curaclam OSPS (1999a)

Bíodh agus nach n-ainmnítear thoiliú go sonrach i gCuraclam OSPS (1999a), cuirtear neart de bhunphrionsabail an toilithe i láthair ina chuspóirí leathana (An Curaclam OSPS, 1999a, lch. 10), lena n-áirítear cuspóirí ar mhaithe leis an bpáiste a chumasú:

- mothú **freagrachta pearsanta** a fhorbairt agus tuiscint a fháil ar a ghnéasacht agus ar phróisis fáis, forbartha agus atáirgthe.
- **scileanna sóisialta na cumarsáide, an chomhoibrithe agus an réitigh choimhlinte** a fhorbairt agus a fheabhsú.
- **caidrimh thacúla a chruthú agus a choinneáil** anois agus sa todhchaí.
- **mothú sábháilteachta agus inniúlacht é féin a chosaint** ón ndainséar agus ón mí-úsáid a fhorbairt.
- **cinntí a dhéanamh**, fadhbanna a réiteach agus gníomhartha oiriúnacha a ghlacadh i gcomhthéacsanna éagsúla pearsanta, sóisialta agus sláinte.
- **éirí feasach agus tuisceanach maidir leis na nithe éagsúla a mbíonn tionchar acu ar roghanna agus ar chinntí.**

Fiosraíonn **An Clár Bí Sábháilte** thoiliú agus an ceangal atá aige le cumhdach, tríd an topaic 'Tadhaill'. **Is tábhachtach a thabhairt le fios go bhfuil an clár Bí Sábháilte éigeantach agus nach meastar go n-úsáidfí an t-ábhar tacaíochta seo ina ionad.**

Cad is thoiliú ann?

Toiliú is ea nuair a lorgáimid cead go dtarlódh rud éigean nó nuair a aontaímid rud éigean a dhéanamh. Tá meas

Múineadh faoi thoiliú


agus cumarsáid ón dá pháirtí ag teastáil chuige agus is coincheap tábhachtach é go bhfoghlaimíodh páistí faoi ó aois óg. Tá eolas mar gheall ar a dteorainneacha féin agus teorainneacha daoine eile mar aon le meas orthu san áireamh sa toiliú. Is rud é seo a mhúintear trasna an churaclaim ó naíonáin shóisearacha chuig rang a sé. Má thuigeann páiste coincheap an toilithe, beidh dóchúlacht níos mó ann go mbeidh scileanna aige/aici féin a thabhairt amach ó chásanna nach mbraitheann sé/sí compordach iontu agus go mbeidh meas aige/aici nuair a theastaíonn ó dhaoine eile amhlaidh a dhéanamh. Is é tuiscint ar an toiliú an bunús le haghaidh tuiscint a fháil ar thoiliú gnéis níos déanaí sa saol.

Múineadh faoi thoiliú

Is rud é coincheap an toilithe a fhoghlaimíonn duine i gcaitheamh a shaoil agus tá baint aige le réimse tuiscintí sóisialta agus cultúrtha. Féadfaidh an curaclam OSPS ról tábhachtach a imirt i múineadh faoi thoiliú, ach tá múineadh neamhfhoirmiúil maidir leis an gcoincheap, ar scoil agus lasmuigh den scoil araon, riachtanach chun tuiscint na bpáistí ar an gcoincheap a threisiú. Dá bharr seo, d'fhorbraíomar bileog eolais do thuismitheoirí maidir le slíte inar féidir leo tuiscint a bpáiste ar thoiliú a fhorbairt agus tacú leis.

Nuair a mhúineann tú faoi thoiliú, tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi ar bhealach aois-oiriúnach agus céim oiriúnach, trí chuspóirí foghlama an churaclaim OSPS, agus i dtreoir le polasaí OSPS/OCC do scoil.

- **An coincheap a fhiosrú:** Tá tuiscintí difriúla ann maidir le toiliú. Mar sin, tá sé tábhachtach tuiscint roinnte a fhorbairt leis na páistí maidir lena bhfuil i gceist leis. Féadfaidh leabhair phictiúr a bheith ina mbealaí iontacha coincheapa casta a fhiosrú le páistí óga agus is dócha go bhfuil leabhair i leabharlann do scoile cheana féin a d'fhéadfaí a úsáid. Mar shampla, i 'Cinnín Óir agus na Trí Bhéar' is féidir ceisteanna maidir le toiliú a fhiosrú lena n-áirítear *ar lorg sí cead sular bhain sí le rudaí duine eile?*



Machnamh an mhúinteora

- An bhfuil leabhair phictiúr agat i do scoil a d'fhéadfaí a úsáid chun ceisteanna toilithe a fhiosrú?
- **Cúrsaí teanga:** Forbair stór focal roinnte soiléir agus comhsheasmhach maidir le toiliú. Is tábhachtach go mbeadh páistí inniúil baill a gcoirp a ainmniú go cruinn agus go mbeadh ráitis acu a d'fhéadfaidís a úsáid le toiliú a chur in iúl m.sh. *"Is féidir leat..."* *"Ní maith liom nuair a..."*, *"Níl uaim go mbéarfá ar mo lámh"*, *"Ná bain liom más é do thoil é..."*. Féadfaidh úsáid na n-ainmneach cearta le haghaidh baill cholainne cabhrú maolú a dhéanamh ar an smál a bhaineann le téarmaíocht dá leithéid uaireanta. Má úsáidtear teanga atá ceart i dtaobh na hanatamaíochta le páistí ó aois óg, beidh baol níos lú ann go mbeidh náire nó drogall orthu labhairt faoina gcoirp agus beidh siad inniúil labhairt go hoscailte agus go soiléir faoina dtoilíonn agus nach dtoilíonn siad chuige. Cruthaigh deiseanna do na páistí cleachtadh a dhéanamh ar thoiliú a lorg, ar thoiliú a thabhairt agus ar gan toiliú a thabhairt ionas go bhforbraíonn siad stór focal iomlán maidir leis an topaic seo.
- **Múin faoin féinriar coirp agus teorainneacha:** Ciallaíonn féinriar coirp go bhfuil smacht agat ar an méid a tharlaíonn le do chorp, agus áirítear cé hiad na daoine a bhfuil cead acu baint leis. Múin do pháistí conas a gcuid teorainneacha pearsanta féin a shainiú agus a léiriú agus meas a bheith acu ar theorainneacha pearsanta daoine eile. Túsphointe éasca é iad a spreagadh cead a lorg sula mbaineann siad le duine, m.sh. *"An bhfuil cead agam breith ar do lámh?"*, agus iad a spreagadh a gcuid teorainneacha pearsanta féin a shainiú.

Múineadh faoi thoiliú

Gníomhaíocht ranga: Mo spás pearsanta féin a fhiosrú trí shúgradh

Cuireann na gníomhaíochtaí seo a leanas túsphointe spráúil ar fáil i gcomhair foghlaim faoi teorainneacha pearsanta. Cuireann siad bealach sábháilte ar fáil do pháistí smaoineamh ar a spás pearsanta, ar a dteorainneacha pearsanta agus ar a bhféinriar maidir lena gcorp.


- **Mo bhoilgeog spáis phearsanta a tharraingt le sreang** - iarr ar na páistí suí ar an talamh agus a mboilgeog spáis phearsanta a shainiú le sreang nó le téad scipeála. Iarr orthu meas a dhéanamh ar chásanna ina bhfeadfadh gá a bheith ann a mboilgeog spáis phearsanta a bheith níos lú (m.sh ar bhus plódaithe, in ardaitheoir, ag cluiche peile) agus meas a dhéanamh ar an tslí a mbraitheann siad faoi na cásanna seo.
- **Gníomhaíocht bhoilgeoige spáis an húláhúp** – is í is aidhm leis an ngníomhaíocht seo ná a thaispeáint do na páistí go n-athraíonn an méid spáis phearsanta a theastaíonn uainn ag brath ar na daoine atá inár dteannta. Leag 3 húláhúp síos ar an dtalamh (ceann mór, ceann ar mheánmhéid agus ceann beag). Míinigh do na páistí nach bhfuil cead ag aon duine a bheith laistigh dá húláhúp. Ainmigh na daoine seo a leanas (tuismitheoirí, múinteoirí, cairde, strainséirí, srl.) agus iarr ar na páistí an bhoilgeog spáis is mó a mbeidís compordach ann a roghnú. Mar shampla, le tuismitheoir seans go roghnóidís an fáinne is lú, rud a léireodh gur a gclann is mó a bheidís ar a gcompord a gcuid spáis pearsanta a roinnt leo.
- **Soilse tráchta an chreasa chompoird** – Cuir páistí i bpéirí agus iarr orthu seasamh ar an dtaobh eile den seomra óna bpáirtneirí. Bíonn comhartha stop ag páiste amháin agus siúlann an páiste eile i dtreo a pháirtneirí. Ba cheart don pháiste leis an gcomhartha stad é a ardú nuair a éiríonn an páiste a bhíonn ag siúl ina threo gar go leor dó.
- **Drámaíocht:** *Trí dhrámaíocht, cabhraítear le páistí ciall a bhaint as an saol timpeall orthu agus tús a cur le tuiscint a fháil orthu féin agus ar a n-iompar féin i dtaca le hiompar daoine eile (Treoirlínte OSPS don Mhúinteoir, 1999b, lch. 58). Is féidir le rólghlacadh deis a thabhairt do pháistí tábhacht an toilithe a thuiscint ón dá pheirspictíocht araon (an duine ag lorg toilithe agus an duine a thoilíonn nó nach dtoilíonn). Iarr ar na páistí plé agus rólghlacadh a dhéanamh ar chásanna a mhúnlaíonn dea-chleachtais i leith an toilithe. Seo agat roinnt samplaí simplí chun cabhrú leat ar dtús:*
 - *Tá tú i mbun súgartha le cara leat ag am sosa. Teastaíonn uaidh/uaithi breith ar do lámh, ach níl uait go ndéanfadh sé/sí. Cad a dhéanann tú?*
 - *Ba mhaith leat roinnt dathanna a fháil ar iasacht ón duine a bhíonn ag suí in aice leat. Cad a dhéanann tú?*
 - *Tá cluiche tóraíochta á imirt agat le linn am sosa. Beireann cara leat ort agus beireann sé greim ar do lámh. Gortaíonn sé tú. Cad a dhéanann tú?*

Féadfaidh rólghlacadh a bheith bunaithe ar spreagthaí eile chomh maith, mar shampla ar scéalta agus ar fhíseáin. Seans gur mhaith leat iarraidh ar na páistí scéal Chinnín Óir a 'athscríobh' i ndiaidh di foghlaim faoi thoiliú.

Múineadh faoi thoiliú

- **Bí airdeallach ar ‘dheiseanna múinte’:** Bain leas as ‘deiseanna múinte’ neamhfhoirmiúla a thagann chun cinn i gcaitheamh an lae scoile. Bí criticiúil i dtaobh na n-acmhainní a mbaineann tú úsáid astu sa rang agus bí soiléir i dtaobh a gcur in iúl má thugann siad teachtaireachtaí míchearta le fios maidir le thoiliú. Déan cinnte a chur in iúl chomh maith nuair a fheiceann tú dea-chleachtais i dtaobh an toilithe. Ba cheart thoiliú a theagasc ar bhealach comhtháite sa trasna an churaclaim, ní díreach ag am OSPS. Smaoinigh ar an mbealach gur féidir dea-chleachtais i dtaobh an toilithe a ionchuisiú sa lá agat agus i do chuid pleanála curaclaim.

Machnamh an Mhúinteora



- An féidir leat smaoineamh ar aon deiseanna múinte an toilithe a tháinig chun cinn agus tú i mbun múinte?
 - An féidir leat smaoineamh ar aon deiseanna a bhí ann múineadh faoi thoiliú a cailleadh? Más féidir, cén chaoi a dtabharfá aghaidh air seo dá dtarlóidís arís?
 - Ar tháinig tú ar acmhainní a thugann teachtaireachtaí míchearta maidir le thoiliú?
 - An bhfuil ábhair eile, seachas OSPS, a chuireann deiseanna múinte faoi thoiliú ar fáil?
-
- **Mothúcháin a aithint agus freagairt dóibh:** Tá sé tábhachtach go mbeadh páistí inniúil a gcuid mothúchán féin agus mothúcháin daoine eile a thuiscint agus a gcuid mothúchán a chur in iúl. Is bunghné den thoiliú é a bheith inniúil comhbhá a bheith agat le daoine eile. Cabhróidh sé leo na ráitis toilithe a dhéanann siad a mhíniú chomh maith, m.sh., *“Tá uaim go stopfaidh tú ag baint le mo lámh, cuireann sé eagla orm agus ní maith liom é”*. Éist leis na páistí agus tabhair deiseanna dóibh an tslí a

mothaíonn siad a chur in iúl. Is minic a chuireann daoine fásta ina luí ar pháistí gan brón, fearg nó míchompord a léiriú. Ach féadfaidh foghlaim faoi conas na mothúcháin seo a aithint cabhrú le páistí míniú nuair a bhíonn siad gortaithe, chomh maith le comhbhá a fhorbairt, agus an inniúlacht mothúcháin dá leithéid i bpáistí eile nuair a bhíonn a gcuid gníomhartha ag cur as dóibh a aithint. Labhair leis na páistí faoina ‘mothúcháin a bhraitheann siad sa chróí istigh’ nó faoina ‘n-instinní nádúrtha’. Is minic a bhraitear na mothúcháin seo nuair a bhíonn siad i gcás ina mbraitheann siad aisteach nó ina bhfuil eagla nó míchompord orthu, ach gan iad a bheith cinnte cén fáth. Múin do pháistí go bhfuil na mothúcháin seo ceart uaireanta, agus má bhraitheann siad mar sin riamh, gur féidir leo diúltú a thabhairt, an cás a fhágáil agus imeacht chun cabhair a fháil ó dhuine a bhfuil muinín acu iontu.


- **Spreag na páistí gothaí gnúise agus comharthaíocht coirp eile a aithint:** I gcás roinnt páistí beidh sé seo de dhúchas acu, ach i gcás páistí eile, go háirithe roinnt páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, d’fhéadfadh múineadh ar leith a bheith de dhíth orthu chun a bheith ábalta comharthaíocht coirp a léamh. Féadfaidh cluichí meastacháin le gothaí gnúise agus le comharthaíocht coirp a bheith ina slite iontacha múinte do pháistí conas comharthaíocht coirp a aithint. Má bhíonn idirghabháil á déanamh agat áit go raibh easaontas ann, glac roinnt ama na gothaí gnúise agus an chomharthaíocht coirp a léiríonn duit go bhfuil an páiste trína chéile a mhíniú: *“Feicim go bhfuil Mary trína céile toisc go bhfuil grainc uirthi agus deora lena súile”*). Trí seo a rá i bhfocail cuirfidh sé ar chumas na bpáistí aird a thabhairt ar an tslí gur féidir le comharthaíocht coirp cabhrú leo na mothúcháin atá an duine eile ag iarraidh a chur in iúl a thuiscint.
- **Múin do na páistí conas mar a bhíonn tionchar ag a n-iompar ar dhaoine eile:** Míniú gur féidir lenár ngníomhartha agus lenár mbriathra tionchar a imirt ar dhaoine eile. Is gné tábhachtach de thoiliú é a bheith airdeallach ar na mothúcháin a bhraitheann

Múineadh faoi thoiliú

daoine eile mar gheall orainn. Trí scéalta, fiosraigh an chaoi a mbíonn tionchar ag carachtair ar a chéile (mar shampla, conas a bhraitheann na Trí Mhuicín de bharr an Mhic Tíre Ghránna?). Le haghaidh páistí níos sine, má léitear leaganacha difriúla de scéalta a scríobhtar ó pheirspictíochtaí carachtair difriúla sa scéal, féadfaidh sé béim a leagan ar an tslí gur féidir le daoine difriúla tuiscintí difriúla a bhaint ó rudaí agus an tábhacht a bhaineann le stopadh agus smaoineamh ar chás ó léargas an duine eile a léiriú.

- **Múin scileanna smaointeoireachta criticiúla:** Féadfaidh scileanna smaointeoireachta criticiúla cumas a chur ar pháistí cásanna san fhíorshaol a mheas go criticiúil agus cinntí maithe feasacha a dhéanamh maidir le toiliú. Slí iontach chun scileanna smaointeoireachta criticiúla maidir le toiliú a fhorbairt ná cásanna éagsúla a léiríonn toiliú a phlé nó trí shamplaí de chásanna i scéalta nó scannáin ina mbíonn toiliú de dhíth a scrúdú. I gcásanna san fhíorshaol, inar ndearna páiste droch-chinneadh maidir le toiliú, iarr orthu ‘cúlú siar’ agus meas a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidís an cás a láimhseáil níos fearr nó ar na rudaí a dhéanfaidís i slí dhifriúil an chéad uair eile. I gcás páistí níos sine, déan meas ar na cásanna a chuireann bac ar chumas duine toiliú a thabhairt, mar shampla, a n-aois, úsáid substaintí nó piarbhrú.
- **Bí i d'eiseamláir:** Múnlaigh dea-chleachtais maidir le toiliú i gcomhair do chuid daltaí. Is féidir é seo a dhéanamh trí ligean le páistí roghanna a dhéanamh agus trí mheas a bheith agat ar a mianta maidir lena bhféinriar coirp. Tabhair an deis dóibh roghanna a dhéanamh a bhaineann leo féin ar scoil. Mar shampla, d'fhéadfadh na roghanna seo a bheith bainteach leis na rudaí gur mhaith leo foghlaim fúthu, leis an gcaoi ar mhaith leo foghlaim nó leis an gcaoi ar mhaith leo an méid a d'fhoghlaimíodar a léiriú. Cabróidh sé seo leis na páistí tuiscint go bhfuil a nguth agus a dtuairim tábhachtach agus gur cheart go n-éistfeadh daoine fásta leis agus go ngníomhódís dá réir.

Forléargas ó thaighde:



Chinn staidéar le Bragg *et al.*, (2020), gur dóchúla go mbeadh tionchar dearfach ag ceachtanna bunaithe ar an toiliú dá ndéanfaí iad i scoil ina múnlaítear dea-chleachtais maidir le toiliú ina gcultúr.

Eolas don mhúinteoir - toiliú gnéis agus aois an toilithe in Éirinn

Is é atá sa toiliú gnéis ná nuair a aontaíonn tú, gan iallach agus gan aon bhrú ar aon chor ort, tabhairt faoi ghníomh gnéis le duine eile. Is coir é tabhairt faoi ghníomh gnéis le duine eile nár thug toiliú pé aois atá acu. In Éirinn, deir an dlí go gcaithfidh tú a bheith 17 mbliana d'aois nó níos sine chun a bheith ábalta toiliú le haghaidh gníomhartha gnéis. Féadfaidh tú tuilleadh eolais maidir lena n-áirítear mar ghníomh gnéis sa dlí **anseo**. Tá an dlí ann ar mhaithe le páistí agus le daoine óga a chosaint. Tá sé d'aidhm aige cosc a chur ar dhaoine níos sine mí-úsáid a bhaint as daoine óga chomh maith. Sa bhunscoil, mar chuid den chlár Bí Sábháilte, múintear go sonrath do pháistí maidir le tadhall mí-oiriúnach agus cabhraítear leo a thuiscint nach bhfuil sé de cheart ag aon duine baint lena gcorp in aon slí a gcuireann imní orthu nó in aon slí a mbraitheann siad míchompordach dá barr. Ar mhaithe le deiseanna a thabhairt do pháistí an inniúlacht agus an muinín atá de dhíth orthu déileáil le cásanna mí-úsáideacha a fhorbairt, múintear agus cleachtar rialacha sábháilteachta pearsanta, lena n-áirítear daoine fásta iontaoifa ar féidir le páistí dul i muinín leo a aithint.

Múineadh faoi thoiliú

Toiliú agus an curaclam rang a cúig agus a sé

Sa churaclam OSPS le haghaidh rang a cúig agus a sé, foghlaimíonn páistí faoi:

- *caidreamh collaí, giniúint agus breith i gcomhthéacs caidrimh dhúthrachtaigh ghrámhair* (Curaclam OSPS, 1999a, lch. 58)
- *na rialacha sa tsochaí agus an tábhacht a bhaineann le cloí leo*
- *tadhall mí-oiriúnach nó mí-shábháilte a aithint*
- *an rud gur cheart a dhéanamh má bhíonn siad i measc daoine a mbraitheann siad neamhshábháilte ina dteannta a thuiscint.*
- *réimse leathan cásanna agus iompair baolacha a phlé agus a mheasúnú agus meas a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí na rioscaí seo a sheachaint nó a íoslaghdú*
- *plé a dhéanamh ar an ról atá ag gach duine aonair i ndaoine eile a choimeád sábháilte agus léirithuisint a fháil air agus ócáidí ina bhféadfadh a ghníomhartha sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol.* (Curaclam OSPS, 1999a, lch. 59)
- *an tábhacht a bhaineann le cairdeas agus le hidirghníomhú le daoine eile a fhiosrú agus teacht ar an tuiscint gur cuid de phróiseas nádúrtha an fháis é cairde a dhéanamh agus na cairde atá agat a athrú*
- *fadhbanna a fhéadfaidh a theacht chun cinn mar chuid de chairdis agus de chaidrimh eile agus an chaoi ina bhféadfaí déileáil leo a mheas* (Curaclam OSPS, 1999a, lch. 62)
- *éisteacht go gníomhach le daoine eile agus meas a bheith againn ar an méid a deir gach duine*
- *an t-iliomad slite briathartha nó neamhbhriathartha ina ndéanann daoine cumarsáid lena chéile a fhiosrú agus a chleachtadh* (Curaclam OSPS, 1999a, lch. 63)

D'fhéadfadh plé maidir le toiliú, agus i gcásanna áirithe toiliú gnéis, teacht chun cinn agus na spriocanna foghlama a luaitear thuas á bhfiosrú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go dtugtar faoi thopaic an toilithe agus an toilithe ghnéis ar bhealach aois-oiriúnach agus céim oiriúnach. Tacaigh leis

na páistí a dtuiscint ar thoiliú a fhorbairt mar ghné thábhachtach de chaidrimh shláintiúla. Laistigh de na snáithaonaid 'Mo Chairde agus Daoine Eile' agus 'Caidreamh le Daoine Eile', labhair faoin gcaoi gur féidir leo a dteorainneacha féin a chur in iúl dá gcairde agus faoin gcaoi gur féidir leo meas a bheith acu ar theorainneacha daoine eile. Iarr ar na páistí meas a dhéanamh ar shlite briathartha agus neamhbhriathartha toiliú a chur in iúl nó diúltú toiliú a thabhairt. Pléigh an tábhacht a bhaineann le meas a bheith againn ar mhianta daoine eile. Cuirfidh an buneolas seo ar thoiliú ar a gcumas caidrimh shláintiúla a fhorbairt agus iad ag dul ar aghaidh chuig blianta a ndéaga agus iad ag tosú ar chaidrimh níos dlúithe a fhorbairt.

Cuireann an chuid seo a leanas sampla ar fáil de shlí ina bhféadfaí tabhairt faoin bplé ar bhealach aois-oiriúnach agus céim oiriúnach le rang a cúig agus rang a sé. De réir mar a théann na páistí ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil agus mar a thagann siad níos gaire d'aois an toilithe ghnéis, cuirfidh siad níos mó forbartha ar a dtuiscint ar 'thoiliú gnéis'.

Aghaidh a thabhairt ar choincheap an 'toilithe ghnéis' i rang a cúig agus a sé ar bhealach aois-oiriúnach agus céim oiriúnach

Tá sí d'aidhm ag an gcuid seo a leanas an teanga a theastaíonn chun plé a dhéanamh ar thoiliú gnéis ar bhealach aois-oiriúnach agus céim oiriúnach leis na páistí i rang a cúig agus a sé agat a thabhairt duit.

Scríobh an focal 'toiliú' ar an gclár agus iarr ar na páistí oibriú i bpéirí agus plé a dhéanamh ar an gciall a bhaineann leis, dar leosan. Tar éis cúpla nóiméad, iarr ar na páistí a gcuid smaointe a roinnt agus iad a scríobh ar an gclár. Seans gur mhaith leat scafláil a dhéanamh ar an bhfoghlaim trí shamplaí de thoiliú ó leabhair atá léite ag na daltaí a úsáid.

Múineadh faoi thoiliú

Mínigh go bhfuil roinnt rudaí nach féidir leo toiliú a thabhairt ina leith de bharr a n-aois agus, in Éirinn, ní féidir le páistí faoi bhun 17 mbliana d'aois toiliú a thabhairt i dtaobh tabhairt faoi ghníomhartha gnéis:

“Toisc go bhfuil roinnt cinnntí móra le déanamh agus go bhféadfadh torthaí fadtéarmacha a bheith orthu, deir an dlí go bhfuil teorainneacha leis an méid a cheadaítear go dlíthiúil do leanbh nó do dhuine óg aontú nó toiliú leis. Mar shampla, caithfidh tú a bheith 16 bliana d'aois nó níos sine le go mbeidh tú in ann toiliú le cóireáil leighis agus caithfidh tú a bheith 17 nó níos sine chun toiliú le gníomhaíocht ghnéasach le duine. Chun duine óg a chosaint ar bhrú chun gnéas a bheith aige, deir an dlí gur coir é d'aon duine gnéas a bheith aige le duine óg faoi 17. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil tú sách aosta go dlíthiúil chun aontú le gnéas a bheith agat (nó toiliú a thabhairt dó) go dtí go mbeidh tú 17. Fanann a lán daoine go dtí go mbíonn siad 17 nó níos sine, agus i gcaidreamh atá tábhachtach dóibh, sula mbíonn gnéas acu don chéad uair.” (Leabharán aistear na nÓg, 2020, lch. 48)

Ar deireadh, tá sé tábhachtach cur i gcuimhne do pháistí nach bhfuil cead ag aon duine baint leo go gnéasach. Cuir i gcuimhne do na páistí gur cheart dóibh insint do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as (m.sh. tuismitheoir, ball clainne, múinteoir) láithreach má dhéanann aon duine iarracht baint leo go gnéasach nó iallach a chur orthu baint le duine eile. Téann **Topaic 3 den chlár Bí Sábháilte** le haghaidh rang a cúig agus a sé i ngleic le topaic an tadhail agus cabhróidh sé leat chomh maith agus tadhail mí-oiriúnach á phlé agat.

“Más mian le duine ar bith teagmháil ghnéis a dhéanamh leat nó má iarrann duine ort teagmháil ghnéis a dhéanamh leo, ba chóir duit insint do dhuine fásta iontaofa láithreach. B'fhéidir go n-iarrfaí ort é a choinneáil faoi rún. D'fhéadfadh an duine a rá gurb ortsa atá an locht nó go ndeireann an duine go bhfuil grá acu duit ach níl sé sin fíor. Cuideoidh duine fásta iontaofa leat: tuismitheoir, gaol, múinteoir, oibrí óige, srl.” (Leabharán aistear na nÓg, 2020, lch. 48)

Bí airdeallach, toisc cineál fogair an topaic seo, d'fhéadfadh páiste nochtadh cosaint leanaí a dhéanamh dá thoradh. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcaoi déileáil le nochtadh ó pháiste féach **'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna 2017'**.

Múineadh faoi thoiliú

Cad é an chéad chéim eile?

Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?



Foghlaim sa bhaile: D'fhéadfá gníomhaíochtaí scríofa nó machnamhacha a chur ar fáil a spreagfadh na páistí cuid dá bhfoghlaim faoi thoiliú a roinnt le tuismitheoirí.

Cumarsáid: Tríd an gcur chuige a nglacann tú leis i leith múineadh faoi thoiliú a roinnt leo agus trí ábhar a chur ar fáil do tuismitheoirí, is féidir tacú le tuismitheoirí le hobair a dhéanamh lena bpáiste ar an topaic seo. Seans go mbeadh gá duit a bheith sonrach i dtaobh a chur in iúl go múinfear an topaic seo ar bhealach aois-oiriúnach. Forbraíodh bileog faisnéise díreach le haghaidh tuismitheoirí maidir leis an tslí inar féidir leo tacú le foghlaim a bpáiste i dtaca le thoiliú. Tá an cháipéis ar fáil sna 'Uirlisí úsáide OSPS/OCG'

Acmhainní le roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí: Soláthraíonn na huirlisí úsáide OSPS/OCG ar líne acmhainní is féidir a roinnt le tuismitheoirí ag gach leibhéal ranga. **Acmhainní chun OSPS/OCG a mhúineadh** Tá acmhainn le haghaidh tuismitheoirí maidir leis an topaic seo ar fáil anseo.

Making the 'Big Talk' many small talks - Consent

Leabhrán Aistaer na nÓg

Físeáin Busy Bodies

Léitheoireacht Bhreise



Leabhrán Aistaer na nÓg

An Clár Bí Sábháilte

Ní meastar go n-úsáidfidh na hábhair seo a leanas mar acmhainní sa seomra ranga bunscoile, ach seachas sin cabhróidh siad leat do chuid feasachta agus tuisceana ar choincheap an toilithe a fhorbairt:

- **Réamhrá maidir le toiliú**
- **Cad is ciall le toiliú gnéis?**
- **Acmhainní Consent Matters**
- **Toiliú Gníomhach**
- **B4Udecide**

Tagairtí

Bragg, S., Ponsford, R., Meiksin, R., Bonell, C., & Emmerson, L. (2020). Dilemmas of school-based relationships and sexuality education for and about consent. *Sex Education*, 1–15. <https://doi.org/10.1080/014681811.2020.1788528>

FSS. (2020). *Aistear na nÓg - Leabhrán faoi chaithreachas agus ógántacht duitse agus do do tuismitheoirí*. Ciarraí: Clár Sláinte Ghnéis agus Toirchis Géarchéime

CNCM. (1999a). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

CNCM. (1999b). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte - Treoirínite don Mhúinteoir*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.